



An Bhruiséil, 20 Deireadh Fómhair 2023  
(OR. en)

14518/23

ENER 564

## NÓTA CLÚDAIGH

---

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	20 Deireadh Fómhair 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 634 final
Ábhar:	TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMÁÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN maidir le hathbhreithniú an Phlean Straitéisigh Fuinnimh (SET)

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 634 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 634 final



An Bhruiséil, 20.10.2023  
COM(2023) 634 final

**TEACHTAIREACTH ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA,  
CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA  
NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**maidir le hathbhreithniú an Phlean Straitéisigh Fuinnimh (SET)**

## 1. COMHTHÉACS BEARTAIS: PLEAN SET LENA GCUIRTEAR DLÚS LEIS AN AISTRIÚ CHUIG FUINNEAMH GLAN

Tacaíonn an Plean Straitéiseach Eorpach um Theicneolaíocht Fuinnimh<sup>1</sup> (SET) le forbairt teicneolaíochtaí fuinnimh atá glan, éifeachtúil agus iomaíoch ó thaobh costais de trí chomhar agus trí chomhoibriú i dtaighde agus i nuálaíocht (T&N) fuinnimh ghlain, trína dtabharfar le chéile tionscal Eorpach, an saol acadúil agus rialtais thíortha Phlean SET<sup>2</sup>. Bhí ról lárnach ag Plean SET maidir le gné taighde, nuálaíochta agus iomaíochais an Aontas Fuinnimh a chur chun feidhme<sup>3</sup>. Bhí éifeacht struchtúraithe aige ar ghníomhaíochtaí comhpháirteacha T&N, rud a chuidíonn leo cuspóirí coiteanna taighde fuinnimh a bhaint amach ar bhealach níos gasta agus níos éifeachtúla.

Leagtar amach leis an gComhaontú Glas don Eoraip<sup>4</sup> agus leis an bPlean REPowerEU<sup>5</sup> cuspóirí straitéiseacha don aistriú chuig fuinneamh glan, lena n-áirítear dícharbónú na dtionscal atá dian ar fhuinneamh agus laghdú ar thruailliú. Tugtar tuilleadh treorach i bPlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais<sup>6</sup> trí thionscal an Aontais a bheidh níos uathrialaí agus níos athléimní a iarraidh, agus an Gníomh um an Tionscal Glan<sup>7</sup>-nialasachta agus an Gníomh um Amhábhair Chriticiúla<sup>8</sup> ina mbloic thógála dó:

- Leagtar síos leis an Acht um Amhábhair Chriticiúla an sprioc maidir le soláthar slán amhábhair criticiúil a áirithiú trí shlabhra luacha an Aontais a fhorbairt agus feabhas a chur ar chiorclaíocht agus ar inbhuanaitheacht tháirgeadh na n-amhábhair criticiúil.
- Is é is aidhm don Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta cur le cumas an Aontais ‘teicneolaíochtaí glan-nialasacha’ straitéiseacha a mhonarú chun dul i dtreo tagarmhairc nó chun teacht ar thagarmharc de 40 % ar a laghad de riachtanais imscartha bhliantúla an Aontais do na teicneolaíochtaí comhfhreagracha faoi 2030, agus leagtar síos leis sprioc 50 milliún tona d’acmhainneacht stórála bhliantúil CO<sub>2</sub> faoi 2030.

Ina theannta sin, iarrtar leis an Treoir<sup>9</sup> athbhreithnithe maidir le Fuinneamh in-athnuaite ar na Ballstáit sprioc tháscach a leagan síos le haghaidh teicneolaíocht nuálach fuinnimh in-athnuaite de 5 % ar a laghad d’acmhainn nua fuinnimh in-athnuaite suiteáilte faoi 2030. Ar deireadh, iarrtar sa Teachtaireacht maidir le ‘Limistéar Eorpach Taighde nua don Taighde agus don Nuálaíocht’<sup>10</sup> agus i gClár Oibre Beartais an Limistéir Eorpaigh Taighde<sup>11</sup> go n-aillíneofar infheistíochtaí agus athchóirithe T&N ar bhealach níos fearr ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais chun dlús a chur leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach.

<sup>1</sup> COM(2007) 723 final an 22.11.2007, ‘Plean Straitéiseach Eorpach um Theicneolaíocht Fuinnimh (Plean SET ) ‘I dtreo todhchaí ísealcharbóin’.

<sup>2</sup> I láthair na huairé, na Ballstáit uile an Aontais móide IS, NO agus TR.

<sup>3</sup> COM/2015/080 final, ‘Creat-Straitéis maidir le hAontas Fuinnimh Buanseasmhach maille le Beartas Réamhbhreathnaitheach don Athrú Aeráide’.

<sup>4</sup> COM(2019) 640 final an 11.12.2019.

<sup>5</sup> COM(2022) 230 final an 18.5.2022.

<sup>6</sup> COM(2023) 62 final an 1.2.2023.

<sup>7</sup> COM(2023) 161 final an 16.3.2023.

<sup>8</sup> COM(2023) 160 final an 16.3.2023.

<sup>9</sup> [Téacsanna arna nglacadh - An Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite \\*\\*\\*I - Dé Céadaoin, an 14 Meán Fómhair 2022 \(europa.eu\)](#)

<sup>10</sup> COM/2020/628 final an 30.9.2020.

<sup>11</sup> [Clár Oibre Beartais an Limistéir Eorpaigh Taighde\(europa.eu\)](#)

Sa chomhthéacs beartais nua sin, cuirtear i dtábhacht an gá atá le hathléimneacht, féinriail agus iomaíochas an chórais Eorpaigh fuinnimh agus a shlabhraí soláthair a mhéadú, ag baint úsáid as réitigh chiorclacha agus dhuinelárnacha, laistigh dár dteorainneacha pláinéadacha.

## 2. TOSAÍOCHTAÍ AGUS TREORACHA NUA PHLEAN SET AGUS AN MÉID ATÁ BAINTE AMACH LEIS

Trína 14 mheitheal cur chun feidhme (IWGanna)<sup>12</sup> agus na hArdáin Eorpacha Teicneolaíochta agus Nuálaíochta (ETIPanna) ghaolmhara, díritear gníomhaíochtaí Phlean SET ar na sé thosaíocht a bhaineann le gné Thaighde, Nuálaíochta agus Iomaíochais an Aontais Fuinnimh. Déantar breithniú sa chuid seo ar an méid atá bainte amach le Plean SET agus aithnítear treoracha nua.

### Tosaíocht 1: Bheith mar an t-ionad is fearr ar domhan i bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh

Faoin tosaíocht sin, saináithníodh dhá ghníomhaíocht i bPlean SET: teicneolaíochtaí in-athnuaite a chomhtháthú sna córais fuinnimh (gníomhaíocht 1) agus costais na dteicneolaíochtaí sin a laghdú (gníomhaíocht 2). Cuireadh an tosaíocht chun feidhme trí chúig mheitheal cur chun feidhme um theicneolaíochtaí sonracha fuinnimh in-athnuaite.

Le hobair Phlean SET maidir le **fuinneamh gaoithe amach ón gcósta**<sup>13</sup>, soláthraíodh ardán maidir le cláir oibre T&N a shocrú agus cuidíodh le hidirchaidreamh a déanamh idir pobal Phlean SET agus Clár Comhoibrithe Teicneolaíochta IEA maidir le gaoth. I réimse na **gréine fótvoltaí (PV)**<sup>14</sup>, chuidigh Plean SET le hiarrachtaí T&N na dtíortha rannpháirteacha a ailíniú, rud a chuir le dul chun cinn mór na teicneolaíochta i dtreo na grianchille is éifeachtúla ar domhan go dtí seo. Tá T&N um fhuinneamh **geoiteirmeach domhain**<sup>15</sup> múnlaite go mór le Plean SET, mar shampla ar laghdú costais, trí ardteicnící druileála agus críochnaithe toibreacha. Le sruth oibre um **fhuinneamh aigéin**<sup>16</sup> Phlean SET spreagadh straitéis an Aontais<sup>17</sup> maidir le fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta agus cuidíodh le treoraíocht maidir le ciste árachais agus ráthaíochta a leagan amach chun tionscadail taispeántais ar mórscaála a chur in úsáid. Thairis sin, spreagadh le Plean SET an chuid is mó de na hábhair **theirmeacha dírithe grianteasta**<sup>18</sup> i gcláir an Aontais Eorpaigh um Thaighde agus Nuálaíocht, Fís 2020<sup>19</sup> agus Fís Eorpach<sup>20</sup>. Tá an teicneolaíocht curtha chun cinn de dheasca sin, ní hamháin le

<sup>12</sup> [https://setis.ec.europa.eu/implementing-actions\\_ga](https://setis.ec.europa.eu/implementing-actions_ga)

<sup>13</sup> [IWG Wind Energy - IP\[Meitheal cur chun feidhme nua maidir le Fuinnimh Gaoithe - IP\].pdf \(europa.eu\)](#)

<sup>14</sup> [Plean Cur Chun Feidhme TWP PV Phlean SET \(europa.eu\)](#)

<sup>15</sup> [Implementation plan on deep geothermal energy.pdf \[Plean cur chun feidhme maidir le fuinneamh geoiteirmeach domhain\] \(europa.eu\)](#)

<sup>16</sup> [SET Plan OCEAN ENERGY Implementation plan.pdf \[Plean Cur Chun Feidhme Phlean SET um FHUINNEAMH AIGÉIN\] \(europa.eu\)](#)

<sup>17</sup> COM (2020)741, 19.11.2020

<sup>18</sup> [Initiative for Global Leadership in Concentrated Solar Thermal Technologies \[An Tionscnamh um Cheannaireacht Dhomhanda i dTeicneolaíochtaí um Chumhacht Theirmeach Dírithe Grianteasa\] \(europa.eu\)](#)

<sup>19</sup> [https://research-and-innovation.ec.europa.eu/funding/funding-opportunities/funding-programmes-and-open-calls/horizon-2020\\_ga](https://research-and-innovation.ec.europa.eu/funding/funding-opportunities/funding-programmes-and-open-calls/horizon-2020_ga)

<sup>20</sup> [https://research-and-innovation.ec.europa.eu/funding/funding-opportunities/funding-programmes-and-open-calls/horizon-europe\\_ga](https://research-and-innovation.ec.europa.eu/funding/funding-opportunities/funding-programmes-and-open-calls/horizon-europe_ga)

haghaidh táirgeadh cumhachta, ach freisin le haghaidh feidhmeanna nuálacha amhail teas na gréine le haghaidh próisis thionsclaíocha agus le haghaidh táirgeadh hidrigine in-athnuaite.

Tá cruthú na Comhpháirtíochta Eorpaí um an Aistriú chuig an bhFuinneamh Ghlain<sup>21</sup> faoi chlár Fís Eorpach ina shampla de chomhar trasearnála rathúil an Aontais trí Phlean SET. A bhuí leis an gComhpháirtíocht, comhthiomsaíodh EUR 500 milliún i maoiniú náisiúnta chun tacú le tosaíochtaí T&N arna gcomhaontú go comhphárteach, sé huair níos mó ná faoi Fís 2020. Léirítear leis sin acmhainneacht Phlean SET maidir le maoiniú poiblí a ghíaráil chun tacú le comhchuspóirí. Leis na gníomhaíochtaí comhphárteacha sin leis na Ballstáit comhlánaítear na gníomhaíochtaí arna maoiniú ón gclár Fís Eorpach sa réimse fuinnimh, go sonrach i mBraisle 5 (réimsí na haeráide, an fhuinnimh agus na soghluaisteacha) agus i mBraisle 4 (réimsí tionscail agus digiteacha).

Is é a bheidh mar aidhm do Phlean SET athbhreithnithe a chur ar chumas an Aontais bheith ina cheannaire domhanda i bhforbairt teicneolaíochtaí nuálacha fuinnimh in-athnuaite agus cumas monaraíochta an Aontais do theicneolaíochtaí fuinnimh ghlain a mhéadú i gcomhréir le huailmhian Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais, ionas go méadófar faoi dhó, ar bhealach athléimneach agus iomaíoch, a chion reatha d'fhuinneamh in-athnuaite chun 42.5 % ar a laghad a bhaint amach faoi 2030, agus go mbeidh 5 % ar a laghad d'acmhainn nua fuinnimh in-athnuaite suiteáilte i gceist leis an teicneolaíocht nuálach fuinnimh in-athnuaite.

Thairis sin, déanfar an méid seo a leanas le Plean SET athbhreithnithe:

- A ghníomhaíochtaí a leathnú chun fuinneamh gaoithe ar talamh agus teicneolaíochtaí geoiteirmeacha ísealteochta (níos lú ná 125 °C) agus meánteochta (125-225 °C) a áireamh, a bhfuil forbairt shuntasach déanta orthu ó seoladh Plean SET ach a bhfuil T&N ag teastáil uathu fós chun buntáiste iomaíoch an Aontais a choinneáil.
- Meitheal cur chun feidhme nua maidir le hidrigin a chur ar bun chun clár oibre straitéiseach T&N threoirthionscadal LET don hidrigin ghlas<sup>22</sup> a chur chun feidhme i gcomhréir leis an gComhpháirtíocht don Hidrigin Ghlan agus le doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin maidir le gníomhaíochtaí T&N na hEorpa chun tacú le 'treoirthionscadal LET maidir le hidrigin ghlas'<sup>23</sup>.
- Tógáil ar obair mheithleacha cur chun feidhme Phlean SET maidir le fótavoltachas agus cumhacht dírithe grianteasa, chun clár oibre straitéiseach comhphárteach T&N<sup>24</sup>

<sup>21</sup> <https://cetpartnership.eu/>

<sup>22</sup> Expert groups of the agenda process (2022), Strategic Research and Innovation Agenda, Key findings and conclusions of the agenda process for the European research and innovation initiative on green hydrogen [Grúpaí saineolaithe ar phróiseas an chláir oibre (2022), an Clár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht, Príomhthorthaí agus conclúidí phróiseas an chláir oibre maidir leis an tionscnamh Eorpach taighde agus nuálaíochta don hidrigin ghlas], Leagan deiridh ([https://www.bmbf.de/bmbf/shareddocs/downloads/files/SRIA\\_green\\_hydrogen.pdf](https://www.bmbf.de/bmbf/shareddocs/downloads/files/SRIA_green_hydrogen.pdf)[https://www.bmbf.de/bmbf/shareddocs/downloads/files/SRIA\\_green\\_hydrogen.pdf](https://www.bmbf.de/bmbf/shareddocs/downloads/files/SRIA_green_hydrogen.pdf)).

<sup>23</sup> Building a European Research Area for clean hydrogen - the role of EU research and innovation investments to deliver on the EU's Hydrogen Strategy [Limistéar Eorpach Taighde a Chruthú don hidrigin ghlan - ról infheistíochtaí taighde agus nuálaíochta an Aontais maidir le Straitéis Hidrigine an Aontais a bhaint amach]. SWD(2022) 15 final, 20.1.2022

<sup>24</sup> Féach Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh COM/2022/221 final

maidir le fuinneamh na gréine a sholáthar ina gcuimseofar fótvoltachas, fuinneamh teirmeach dírithe grianteasa agus fuinneamh teirmeach neamhdhírthe grianteasa.

## Tosaíocht 2: Córas fuinnimh chliste a dhírítear ar an tomhaltóir a sholáthar

Faoin tosaíocht sin, sainaitníodh dhá ghníomhaíocht i bPlean SET, ceann amháin a dhírítear ar theicneolaíochtaí agus ar sheirbhísí nua do thomhaltóirí (gníomhaíocht 3) agus an ceann eile a dhírítear ar athléimneacht agus ar shlándáil na gcórais fuinnimh (gníomhaíocht 4). Cuireadh an tosaíocht chun feidhme trí thrí mheitheal cur chun feidhme maidir le córais fuinnimh<sup>25</sup>, ceantair atá dearfacha ó thaobh fuinnimh<sup>26</sup> agus sruth díreach ardvoltais<sup>27</sup>.

Chuidigh Plean SET le tosaíochtaí T&N an Aontais agus tosaíochtaí T&N náisiúnta ar **chórais fuinnimh chliste agus chomhtháite** a ailíniú tríd na meithleacha cur chun feidhme le haghaidh córais fuinnimh agus tríd an Ardán Eorpach um Theicneolaíocht agus um Nuálaíocht do Líonraí Cliste um Aistriú Fuinnimh (ETIP SNET). Thacaigh ETIP SNET le hullmhú agus cur chun feidhme phlean gníomhaíochta an Aontais maidir le digitiú an chórais fuinnimh. Le Plean SET forbraíodh cur chuige comhtháite i leith **ceantair atá dearfacha ó thaobh fuinnimh**<sup>28</sup> lena n-áirítear dearthaí teicneolaíochta, spásúla, rialála, airgeadais, dlíthiúla, comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha. Mar thoradh ar chomhoibriú idir an Tionscnamh Comhphleanála don Eoraip Uirbeach, príomhpháirtithe leasmhara agus an Coimisiún, rinneadh an Chomhpháirtíocht um Aistriú Uirbeach a Spreagadh a chómhaoiniú faoin gclár Fís Eorpach.

Ó bhí 2021 ann, táthar ag cur níos mó tábhachta i bPlean SET le forbairt agus le léiriú teicneolaíochtaí srutha dhírigh (SD), ag tosú le teicneolaíochtaí **srutha dhírigh ardvoltais** le haghaidh naisc ardchumhachta amach ón gcósta agus ar talamh.

Le Plean SET athbhreithnithe, cuirfear dlús le forbairt réiteach nuálach agus solúbtha chun an eangach atá ann cheana a bharrfheabhsú, go háirithe freagairt don éileamh agus stóráil fuinnimh, a dtacóidh an t-athchóiriú beartaithe ar dhearadh an mhargaidh leictreachais lena n-úsáid<sup>29</sup>. Cuideoidh na réitigh sin le cion an táirgthe leictreachais in-athnuaite arna chomhtháthú<sup>30</sup> san eangach a mhéadú chun 65 % ar a laghad a bhaint amach faoi 2030. Le Plean SET, cuirfear dlús freisin le forbairt agus úsáid teicneolaíochtaí nuálacha lena soláthrófar slándáil, cobhsaíocht agus cibear-athléimneacht don chóras fuinnimh chun cuidiú leis déileáil leis an dóchúlacht atá ag méadú go mbeidh cur isteach ann faoi thionchar na haeráide agus bagairtí seachtracha faoi thionchar an duine.

Ar an leibhéal áitiúil, tacóidh na réitigh nua arna n-eascrú as Plean SET athbhreithnithe le cathracha le dlús a chur lena n-aistriú glas agus lena n-aistriú digiteach, rud a chuirfidh leis an

<sup>25</sup> [SET Plan ENERGY SYSTEMS Implementation plan.pdf \[Plean Cur Chun Feidhme CHÓRAIS FUINNIMH Phlean SET\] \(europa.eu\)](#)

<sup>26</sup> [Ceantair atá dearfacha ó thaobh fuinnimh\(europa.eu\)](#)

<sup>27</sup> [https://setis.ec.europa.eu/system/files/2022-02/SETPlan\\_HVDC\\_DC\\_Tech\\_ImplementationPlan\\_Final.pdf](https://setis.ec.europa.eu/system/files/2022-02/SETPlan_HVDC_DC_Tech_ImplementationPlan_Final.pdf)

<sup>28</sup> [Ceantair atá dearfacha ó thaobh fuinnimh\(europa.eu\)](#)

<sup>29</sup> COM/2023) 148 final.

<sup>30</sup> COM/2020) 562 final.

gcuaspóir maidir le Misean na gCathracha Aeráid-Neodracha Cliste<sup>31</sup> go mbeidh 100 cathair chliste ar a laghad aeráidneodrach faoi 2030. Leathnófar raon feidhme Phlean SET le Plean SET athbhreithnithe freisin chun teicneolaíochtaí srutha dhíriúcháin ísealvoltais agus meánvoltais (LVDC agus MVDC) a chumhdach chun leas a bhaint as micreangacha LVDC i bhfoirgnimh, i saoráidí tionsclaíochta, in ionaid sonraí agus stáisiúin luchtaithe feithiclí leictreacha. Laghdófar leis sin líon na dtiontóirí (SA/SD agus SD/SA) agus cuirfear feabhas a chur ar éifeachtacht ábhair agus fuinnimh in iarratais ina ritear an chuid is mó de threalamh leictreach ar shruth díreach.

### Tosaíocht 3: Córais atá tíosach ar fhuinneamh a fhorbairt agus a neartú

Faoin tosaíocht sin, díriodh gníomhaíochtaí Phlean SET ar ábhair agus ar theicneolaíochtaí nua d'fhoirgnimh<sup>32</sup> (gníomhaíocht 5) agus ar éifeachtúlacht fuinnimh don tionscal<sup>33</sup> (gníomhaíocht 6). Cuireadh an tosaíocht chun feidhme trí dhá mheitheal cur chun feidhme maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh agus sa tionscal.

Chuir an meitheal cur chun feidhme maidir le **héifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh** na céadta tionscadal T&N réigiúnach, náisiúnta agus uile-Aontais i gcrích san earnáil foirgníochta le blianta beaga anuas. Chuidigh plean cur chun feidhme na meithle cur chun feidhme le raon feidhme na comhpháirtíochta Built4People<sup>34</sup>, na comhpháirtíochta um Aistriú Fuinnimh Ghlain<sup>35</sup> agus na comhpháirtíochta um Aistrithe Uirbeacha a Spreagadh<sup>36</sup> le tacaíocht ón gclár Fís Eorpach a shaináithint. Oibríonn an meitheal cur chun feidhme i ndlúthchomhar leis an gComhpháirtíocht Processes4Planet chomh maith<sup>37</sup>.

Chun cuidiú leis an **éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú sa tionscal**, díriodh le Plean SET ar dtús ar dhá earnáil atá dian ar fhuinneamh (an earnáil cruach agus an earnáil ceimiceán) agus ar dhá réimse leathana (comhtháthú córas, agus téamh agus fuarú). Tháinig na tíortha a raibh baint acu leis an meitheal cur chun feidhme sin ar chomhaontú maidir le tosaíochtaí agus spriocanna coiteanna T&N le heagraíochtaí tionscail agus taighde, tosaíochtaí agus spriocanna a léiríodh sna tosaíochtaí um chistiúchán a leagtar amach i gclár oibre Bhraisle 5 Fís Eorpach<sup>38</sup>. D'éascaigh an meitheal cur chun feidhme idirphlé i measc monaróirí cruach freisin, rud a chuir leis an gComhpháirtíocht Cruach Glaine a chruthú.

In 2021 ghlac gníomhaithe Phlean SET spriocanna aeráide agus ciorclaíochta níos déine agus chuimsigh siad dhá earnáil thionsclaíochta bhreise (an earnáil stroighne, agus an earnáil laín agus páipéir) i ngníomhaíochtaí Phlean SET, rud a réitigh an bealach do chomhtháthú níos fearr idir earnálacha tionsclaíochta, giniúint fuinnimh in-athnuaite, agus teicneolaíochtaí stórála.

<sup>31</sup> [https://research-and-innovation.ec.europa.eu/funding/funding-opportunities/funding-programmes-and-open-calls/horizon-europe/eu-missions-horizon-europe/climate-neutral-and-smart-cities\\_ga](https://research-and-innovation.ec.europa.eu/funding/funding-opportunities/funding-programmes-and-open-calls/horizon-europe/eu-missions-horizon-europe/climate-neutral-and-smart-cities_ga)

<sup>32</sup> [https://setis.ec.europa.eu/system/files/2021-02/set\\_plan\\_buildings\\_implementation\\_plan.pdf](https://setis.ec.europa.eu/system/files/2021-02/set_plan_buildings_implementation_plan.pdf)

<sup>33</sup> [EE-in-industry Implementation-Plan\\_Rev2021\\_Final-Endorsed.pdf \(europa.eu\)](https://ec.europa.eu/energy/electricity/ee-in-industry-implementation-plan-rev2021-final-endorsed.pdf)

<sup>34</sup> [Built4People \(ectp.org\)](https://built4people.eu)

<sup>35</sup> <https://cetpartnership.eu/>

<sup>36</sup> <https://dutpartnership.eu/>

<sup>37</sup> <https://www.aspire2050.eu/p4planet/about-p4planet>

<sup>38</sup> Mar shampla, maidir le teas agus fuacht tionsclaíoch a bhainistiú.

Le Plean SET athbhreithnithe forbrófar bealaí nuálacha agus costéifeachtacha chun an ráta athchóirithe bliantúil foirgneamh a mhéadú faoi dhó ar a laghad idir 2020 agus 2030 agus foirgnimh astaíochtaí nialasacha a dhéanamh de gach foirgneamh nua agus de gach foirgneamh atá ann cheana faoi 2030 agus 2050 faoi seach, i gcomhréir leis an athbhreithniú atá beartaithe ar an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh<sup>39</sup>. Cuideoidh a thosaíochtaí T&N freisin le hastaíochtaí gás ceaptha teasa an tionscail a laghdú 25 % faoi 2030<sup>40</sup> agus cuideoidh sé leis an sprioc tháscach maidir le méadú 1.6 % in aghaidh na bliana go dtí 2030 ar úsáid fuinnimh in-athnuaite san earnáil thionsclaíoch a bhaint amach<sup>41</sup>. Beidh tosaíochtaí Phlean SET maidir le héifeachtúlacht fuinnimh ailínithe agus dírithe ar laghdú foriomlán ar an ídiú fuinnimh phríomhúil agus deiridh<sup>42</sup>.

Déanfar an méid seo a leanas le Plean SET athbhreithnithe freisin:

- raon feidhme na meithle cur chun feidhme maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh a leathnú chun níos mó suntasachta a thabhairt do theaschaidéil, agus ar an dóigh sin cuideofar le cumas nuálaíochta agus monaraíochta an Aontais le haghaidh na dteicneolaíochtaí sin a leathnú, agus ní mór an cur i bhfeidhm a mhéadú faoi dhó san earnáil foirgníochta chun 10 milliún aonad carnach a bhaint amach sna 5 bliana amach romhainn.
- raon feidhme na meithle cur chun feidhme maidir le héifeachtúlacht fuinnimh sa tionscal a leathnú agus dlús a chur le forbairt, comhtháthú, tástáil agus bailíochtú na bpríomhtheicneolaíochtaí do thionscail dianfuinnimh a bheidh iomaíoch, aeráidneodrach agus saor ó thruailliú roimh 2030, ag tógáil ar threochlár theicneolaíocht thionsclaíoch LET le haghaidh teicneolaíochtaí ísealcharbóin i dtionscail atá dian ar fhuinneamh agus mapáil taispeántóirí tionsclaíocha.

#### **Tosaíocht 4: Roghanna fuinnimh d'iompar inbhuanaithe a éagsúlú agus a neartú**

Faoin tosaíocht sin, díriodh na gníomhaíochtaí Phlean SET ar iomaíochas an Aontais in earnáil dhomhanda na geallraí maidir le ríomh-shoghluaisteacht agus stóráil suite<sup>43</sup> (gníomhaíocht 7) agus do bhreoslaí in-athnuaite agus don bhithfhuinneamh<sup>44</sup> (gníomhaíocht 8), le meithleacha cur chun feidhme maidir le ceallraí agus breoslaí in-athnuaite agus bithfhuinneamh.

Le Plean SET cruthaíodh Batteries Europe<sup>45</sup>, lena dtugtar le chéile níos mó ná 700 páirtí leasmhara san éiceachóras Eorpach T&N ceallraí chun **slabhra luacha ceallraí** inbhuanaithe agus iomaíoch a fhorbairt san Eoraip. Réitigh sé sin an bealach don chomhpháirtíocht chomhchláraithe BATT4EU faoin gclár Fís Eorpach<sup>46</sup>. Tá léargas níos doimhne tugtha ag

<sup>39</sup> COM(2021) 802 final.

<sup>40</sup> I gcomparáid le 2015 - COM(2020) 562 final.

<sup>41</sup> COM(2021) 557 final

<sup>42</sup> Treoir 2023/1791 an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus lena leasaítear Rialachán 2023/955 ( athmhúnlú)

<sup>43</sup> [https://setis.ec.europa.eu/system/files/2021-05/set\\_plan\\_batteries\\_implementation\\_plan.pdf](https://setis.ec.europa.eu/system/files/2021-05/set_plan_batteries_implementation_plan.pdf)

<sup>44</sup> [https://setis.ec.europa.eu/system/files/2021-07/setplan\\_bioenergy\\_implementationplan.pdf](https://setis.ec.europa.eu/system/files/2021-07/setplan_bioenergy_implementationplan.pdf)

<sup>45</sup> Is é Batteries Europe an chuid den ardán teicneolaíochta agus nuálaíochta de [Chomhghuaillíocht Ceallraí an Aontais](#)

<sup>46</sup> <https://bepassociation.eu/>

gníomhaíochtaí Phlean SET ar an gcur chuige slabhra luacha do **bhreosláí in-athnuaite agus don bhithfhuinneamh**, lena mbaineann tábhacht ar leith sa réimse sin.

Déanfar an méid seo a leanas le Plean SET athbhreithnithe:

- forbairt agus glacadh córas comhtháite fuinnimh agus iompair a bheidh 100 % in-athnuaite, éifeachtúil agus idirnasctha a éascú chun spriocanna fuinnimh in-athnuaite 2030 agus 2050 agus na spriocanna laghdaithe astaíochtaí faoi seach faoin Dlí Aeráide Eorpacha a bhaint amach agus faoin rialachán muirí RefuelEU<sup>47</sup> agus faoin rialachán eitlíochta FuelEU<sup>48</sup>.
- slabhra luacha monaraíochta ceallraí na hEorpa a neartú, lena n-áirítear foinsiú intíre amhábhbar agus ardábhar chomh maith le hin-athúsáidteacht agus in-athchúrsáilteacht, chun féindóthain a bhaint amach faoi 2030.
- tuilleadh oibre a dhéanamh le Batteries Europe chun tacú le faireachán a dhéanamh ar shlabhra luacha na gceallraí.
- aghaidh a thabhairt ar theicneolaíochtaí stórála nuálacha thar cheallraí leictriceimiceacha.

### **Tosaíocht 5: Uaillmhian i ngabháil, úsáid agus stóráil carbóin a spreagadh**

Faoin tosaíocht sin, díriodh gníomhaíocht 9 i bPlean SET ar ghabháil agus ar stóráil carbóin (GSC) agus ar ghabháil agus ar úsáid carbóin (GÚC)<sup>49</sup>.

D'éirigh go han-mhaith le Plean SET maidir níos mó tíortha agus páirtithe leasmhara a ghríosú chun oibriú ar GÚC. Chuaigh an chomhroinnt eolais agus an éifeachtúlacht mhéadaithe mar thoradh air sin chun tairbhe do thionscadail taispeána agus do thionscadail ar scála iomlán, mar shampla sa tionscal stroighne<sup>50</sup>. Feidhmíonn na torthaí a baineadh amach faoin ngníomhaíocht sin mar thagairt chun GSC agus GÚC a chur in úsáid tuilleadh go tapa mar a chuirtear chun cinn sa Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta.

Le Plean SET athbhreithnithe, déanfar spriocanna agus gníomhaíochtaí a ailíniú le tírdhreach nua an bheartais fuinnimh agus aeráide, go háirithe an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta agus colún tionsclaíoch na Teachtaireachta maidir le Timthriallta Carbóin Inbhuanaithe chomh maith le straitéis an Aontais atá le teacht maidir le gabháil, úsáid agus stóráil carbóin (GÚC). Lena thionchar a uasmhéadú, ní mór do Phlean SET athbhreithnithe tacú le gníomhaíocht phríobháideach phoiblí chomhordaithe a dhírítear ar chásanna gnó agus ar shamhlacha comhair a fhorbairt le haghaidh slabhraí luacha gabhála, stórála nó úsáide carbóin atá ag teacht chun cinn (lena n-áirítear meastóireacht réamhiomaíoch ar roghanna stórála ar scála réigiúnach agus ar scála náisiúnta), chun tacú le hoibriú eacnamaíoch 50 milliún tona ar a laghad d'acmhainneacht bhliantúil insteallta CO<sub>2</sub> faoi 2030, in uisceitheoirí sailíneacha agus i réimsí hidreacarbóin ídithe san Aontas.

<sup>47</sup> <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/ga/ALL/?uri=CELEX%3A52021PC0561>

<sup>48</sup> <https://data.consilium.europa.eu/doc/document/PE-26-2023-INIT/ga/pdf>

<sup>49</sup> [https://setis.ec.europa.eu/system/files/2021-04/set\\_plan\\_ccus\\_implementation\\_plan.pdf](https://setis.ec.europa.eu/system/files/2021-04/set_plan_ccus_implementation_plan.pdf)

<sup>50</sup> <https://www.leilac.com/project-leilac-2/>

## Tosaíocht 6: Sábháilteacht in úsáid fuinnimh núicléach a chothabháil agus a neartú

Faoin tosaíocht sin, díriodh an ghníomhaíochtaí i bPlean SET ar shábháilteacht núicléach le linn oibriú agus díchoimisiúnú (gníomhaíocht 10) le sruth oibre gaolmhar<sup>51</sup>.

Le Plean SET soláthraíodh ardán idirphlé do na Ballstáit a úsáideann teicneolaíochtaí núicléacha nó atá sásta iad a úsáid ina meascán fuinnimh nó i bhfeidhmeanna eile (e.g. míochaine núicléach<sup>52</sup>). Tháinig Comhchlár EERA um Ábhair Núicléacha, arb é is aidhm dó sábháilteacht agus éifeachtúlacht plandaí a fheabhsú<sup>53</sup>, chomh maith le cáilíocht le haghaidh ardchórais eamhnaithe agus comhleá núicléach a fheabhsú, as an gcomhar i bPlean SET. Le Plean SET, tacaíodh le comhpháirtíochtaí cómhaoinithe Eorpacha atá ar siúl agus atá beartaithe freisin<sup>54</sup>.

Le Plean SET athbhreithnithe cuideofar le sábháilteacht an fhuinnimh núicléach a choinneáil ar bun agus a neartú, agus aird á tabhairt freisin ar uaillmhian dhearbhaithe 14 Bhallstát<sup>55</sup> (Comhaontas Núicléach<sup>56</sup>) maidir le suas le 150 GW d'acmhainneacht leictreachais a sholáthar faoi 2050 san Aontas (ó thart ar 100 GW inniu). Meastar go mbeidh 30-45 imoibreoir mór tógála nua agus imoibreoir beag modúlach (SMRanna) ar a laghad i gceist leis sin.

Le Plean SET athbhreithnithe, cuirfear béim níos mó ar shábháilteacht SMRanna, ar éagsúlú an tslabhra soláthair, ar mhoil thionsclaíocha, agus ar fhorbairt ionad barr feabhais, inniúlachtaí agus infhaighteacht bonneagair thaighde den chéad scoth a chothú.

### 3. PLEAN SET A DHÉANAMH OIRIÚNACH DON UAILLMHIAN NUA FUINNIMH AGUS AERÁIDE: AGHAIDH A THABHAIRT AR SHAINCHEISTEANNA LEATHANA

Ba cheart go mbeadh tosaíochtaí nua maidir le saincheisteanna leathana ag gabháil le tosaíochtaí, gníomhaíochtaí agus meithleacha cur chun feidhme athbhreithnithe Phlean SET chun dlús a chur le forbairt agus le húsáid teicneolaíochtaí fuinnimh atá glan agus éifeachtúil<sup>57</sup>. Glacfar le Plean SET athbhreithnithe cur chuige tascfhórsa chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna leathana seo a leanas:

Tá an **dhigitíú** ríthábhachtach don aistriú fuinnimh toisc gur féidir feabhas a chur ar fheidhmíocht go leor codanna den chóras fuinnimh agus costais an taighde agus na dturgnamh a laghdú trí fhíorúlú leis<sup>58</sup>. Beidh sé tábhachtach a áirithiú gur féidir cumarsáid a dhéanamh go

<sup>51</sup> [https://setis.ec.europa.eu/implementing-actions/nuclear-safety\\_en#documents](https://setis.ec.europa.eu/implementing-actions/nuclear-safety_en#documents)

<sup>52</sup> [Plean Gníomhaíochta SAMIRA \(europa.eu\)](https://ec.europa.eu/energy/en/press-room/2017/08/20170815_samira)

<sup>53</sup> <http://www.eera-jpnm.eu/>

<sup>54</sup> Bainistiú dramhaíola radaighníomhaí, diúscairt gheolaíoch, agus díchoimisiúnú (EURAD); Ábhair núicléacha chun feabhas a chur ar shábháilteacht agus ar éifeachtúlacht plandaí, agus ar cháilíocht le haghaidh ardchórais eamhnaithe agus comhleá núicléach; Tacaíonn cosaint radaíochta (PIANOFORTE) freisin le cur chun feidhme an Chláir Oibre Straitéisigh maidir le Feidhmeanna Radaíochta Ianúcháin Leighis; Taighde comhleá le EUROfusion.

<sup>55</sup> an Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ísiltír, Poblacht na Seice, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an tSualainn agus an Ungáir.

<sup>56</sup> [https://www.ecologie.gouv.fr/sites/default/files/nuclear%20alliance%20statement\\_VEN.pdf](https://www.ecologie.gouv.fr/sites/default/files/nuclear%20alliance%20statement_VEN.pdf)

<sup>57</sup> An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta, tuarascáil chríochnaitheach mheastóireacht eatramhach Phlean SET, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022 <https://data.europa.eu/doi/10.2777/939719> <https://data.europa.eu/doi/10.2777/939719>

<sup>58</sup> COM(2022) 552 final - 'An córas fuinnimh a dhigitíú – Plean Gníomhaíochta an Aontais'.

héasca agus solúbthacht a thairiscint maidir le cothromaíocht a fháil idir soláthar agus éileamh ár gcóras fuinnimh le sócmhainní níos cliste, agus ar an dóigh sin comhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite díláraithe a éascú agus a gciorrú a laghdú. Beidh an digitiú ríthábhachtach chun tacú leis an tsolúbthacht a theastaíonn ó thionscail atá dian ar fhuinneamh chun freagairt do dhúshláin amhail leictriú nó soláthar luaineach fuinnimh. Le réitigh dhigiteacha féadfar feabhas a chur ar chomhtháthú an mhargaidh agus tomhaltóirí a chumhachtú san aistriú fuinnimh freisin.

Le Plean SET athbhreithnithe, tacófar le dlúthchomhar idir réimsí digiteacha agus fuinnimh ar fud na slabhraí luacha straitéiseacha teicneolaíochta iomlána i gcláir T&N an Aontais agus i gcláir T&N náisiúnta. Mar a fógraíodh i bplean gníomhaíochta an Aontais le haghaidh dhigitiú an chórais fuinnimh, cruthóidh an Coimisiún an t-ardán ‘Gathering Energy and Digital Innovators from across the EU’ [Nuálaithe Fuinnimh agus Digiteacha a Bhailiú ó gach cearn den Aontas] (GEDI AE) le haghaidh comhair idir páirtithe leasmhara Phlean SET agus na Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha agus Saoráidí Tástála agus Turgnaimh na hIntleachta Saorga (TEFanna IS) a bunaíodh faoin gClár don Eoraip Dhigiteach ina ndírítear ar fhuinneamh.

Ina theannta sin, cuideoidh pobal Phlean SET leis an gCoimisiún tionscnaimh bheartais a ullmhú maidir le haistriú digiteach agus inbhuanaithe chóras fuinnimh an Aontais.

Ní mór teorainneacha pláinéadacha a urramú trí fheabhas a chur ar **chiorclaíocht** (in-athchúrsáilteacht agus in-athúsáidteacht) agus éifeachtúlacht **ábhar** fuinnimh ghlain agus ar theicneolaíochtaí agus bonneagair ísealcharbóin eile trí chur chuige saolré (e.g. ábhair inbhuanaithe ardfhorbartha a fhorbairt, agus laghdú ar ídiú ábhair/uisce i bpróisis táirgthe) agus trí níos mó a infheistiú i dtaighde maidir le hionadú ábhar chun athléimneacht shlabhraí soláthair fuinnimh ghlain na hEorpa a áirithiú. Moltar i bplean gníomhaíochta an gheilleagair chiorclaigh ról chuspóirí an gheilleagair chiorclaigh a neartú in athbhreithnithe amach anseo ar na pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide, agus aird á tabhairt ar thacaíocht a thabhairt d’fhéidearthachtaí faoi rialacha státhabhrach maidir le forbairt agus úsáid na teicneolaíochta fuinnimh ghlain agus, i gcás inarb iomchuí, i mbeartais aeráide eile.

Le Plean SET athbhreithnithe, tacófar le prionsabail na ciorclaíochta trí aisghabháil, athchúrsáil agus ionadú amhábhhar criticiúil a phríomhshruthú i dtaighde, i bhforbairt agus i monaraíocht teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain.

Ní mór **riachtanais shochaíocha** a urramú chun aistriú a bheidh cóir, cothrom agus inghlactha go sóisialta a áirithiú do chách mar bhealach chun forbairt agus cur chun feidhme teicneolaíochtaí agus bonneagar fuinnimh ísealcharbóin a éascú (e.g. trí thuiscint níos fearr ar ábhair inní an phobail amhail bochtaineacht fuinnimh nó saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta atá ag teacht chun cinn d’oibríthe i bpoist ‘ghlasa’ agus a rannpháirtíocht mhéadaithe).

Le Plean SET athbhreithnithe, leanfar cur chuige a dhírítear ar an úsáideoir trí shaincheisteanna amhail sláinte, inscne, sábháilteacht, slándáil, inrochtaineacht, inacmhainneacht a phríomhshruthú, chomh maith le riachtanais na dtomhaltóirí atá ag dul in aois nó faoi mhíchumas i ngach gníomhaíocht.

Tá **uas-sciliú agus athsciliú** an lucht saothair fíorthábhachtach chun freastal ar riachtanais saothair samhla nua fuinnimh agus sochaíche. Go dtí seo, tá infheistíochtaí agus athchóirithe i réimse na scileanna glasa agus na bpost glas á gcuimsiú ag 14 Bhallstát<sup>59</sup> ina bPleananna náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta lena bhfuil thart ar EUR 1.5 billiún i gceist leo le chéile<sup>60</sup>. Tá acmhainní eile chun tacú le scileanna agus poist ghlasa curtha ar leataobh i gCiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+, EUR 5.8 billiún) agus sa Sásra um Aistriú Cóir (EUR 3 bhilliún). Comhlánaítear le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) CSE+ infheistíochtaí i scileanna, in oideachas agus in oiliúint, lena n-áirítear bonneagair (EUR 1.8 billiún). Soláthraítear le Fís Eorpach tacaíocht spriocdhírthe d'Acadamh Eorpach Hidrigine, lena dtugtar comhaontas mór ollscoileanna agus institiúidí le chéile. Áirítear i gClár an Mhargaidh Aonair tacaíocht d'Acadamh Gréine. Ina theannta sin, soláthraíonn an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) agus a Pobail Eolais agus Nuálaíochta (PENanna) a oibríonn i réimsí éagsúla, amhail fuinneamh, amhábhair agus an aeráid, réimse leathan clár oideachais agus oiliúna a bhfuil comhpháirt láidir fiontraíochta agus nuálaíochta ag baint leo. Tá an chuid is mó de na cláir sin ar fáil cheana féin ar Champas EIT<sup>61</sup> agus cuireann siad le forbairt tallainne domhainteicneolaíochta<sup>62</sup>.

D'ainneoin na gcistí sin atá ar fáil ar an leibhéal Eorpach, ní mór infheistíocht i scileanna a mhaoiniú go príomha le hinfeistíochtaí poiblí agus príobháideacha eile, agus ní leor an cistiú atá ann faoi láthair chun freastal ar na riachtanais.

Molann an Coimisiún go láidir do na tíortha i bPlean SET páirt a ghlacadh i gcomhpháirtíocht nua scileanna mhórscaála an Aontais le haghaidh fuinneamh in-athnuaite ar talamh faoin gComhshocrú um Scileanna agus na féidearthachtaí le haghaidh cistiú ó CSE+, ó CFRE agus ó chláir an Chiste um Aistriú Cóir a mheas, más ábhartha agus i gcomhréir le cuspóirí na gelár.

Le Plean SET athbhreithnithe, tacófar le hAcadaimh na hEorpa um an Tionscal Glan-nialasachta a fógraíodh sa Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta<sup>63</sup>, trí thógáil ar thaithí Acadamh Ceallraí an Aontais<sup>64</sup>. Beidh sé d'aidhm ag gach acadamh oiliúint a chur ar 100 000 duine laistigh dá gcéad 3 bliana.

Chun tacú le téarnamh na hEorpa agus chun cur lena hiomaíochas agus lena ceannaireacht dhomhanda sa teicneolaíocht, leis na gníomhaíochtaí i bPlean SET ní mór **dlús** a chur le **glacadh margaidh** na dtorthaí T&N. Ciallaíonn sé sin próisis thionsclaíocha, riachtanais mhonaraíochta, agus a gcostais a leabú i bhforbairt na teicneolaíochta. Chun dlús a chur le glacadh margaidh, ba cheart go mbeadh nuálaithe agus forbróirí teicneolaíochta ábalta tástáil éifeachtúil agus tapa a dhéanamh ar inmharthanacht a dtáirge i mbonneagar teicneolaíochta

<sup>59</sup> An Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Phortaingéil, an tSlóivéin, Éire, an Eastóin, an Liotuáin, an Rómáin, an Ísiltír, an Chipir, an Fhionlainn agus an Danmhairg.

<sup>60</sup> Figiúirí ón 18 Lúnasa 2023. Tá siad bunaithe ar an modheolaíocht clibeála colúin don Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta agus freagraíonn siad do na bearta arna leithdháileadh ar an réimse beartais 'Scileanna agus poist ghlasa' mar réimse beartais príomhúil nó tánaisteach.

<sup>61</sup> <https://eit-campus.eu/>

<sup>62</sup> <https://www.eitdeeptechtalent.eu/>

<sup>63</sup> E.g. teicneolaíochtaí fótavoltacha gréine agus teicneolaíochtaí teirmeacha gréine, teicneolaíochtaí hidrigine in-athnuaite agus amhábhair

<sup>64</sup> Tá Acadamh Ceallraí an Aontais á réachtáil ag InnoEnergy, Pobal Eolais agus Nuálaíochta (PEN) na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT).

gairmiúil agus inrochtana agus taifead réamhdheimhnithe agus measúnú saolré a fháil. Cuideoidh sé sin le hinfheisteoirí ionchasacha cinntí eolasacha a dhéanamh bunaithe ar an acmhainneacht monaraíochta agus ar chomhlíonadh na rialachán atá ann cheana. Nuair a bheidh sé curtha ar bun, beidh na boscaí gainimh rialála a mholtar sa Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta ina dtacaíocht mhór do nuálaithe, d'fhorbróirí agus d'infheisteoirí araon. Tá an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ina huirlis chumasúcháin sa réimse sin freisin, i gcás inar cuireadh bearta dar luach EUR 15 bhiliún san áireamh i bPleananna náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta lena dtugtar aghaidh ar thaighde agus ar nuálaíocht i dtreo maolú ar an athrú aeráide, i dtreo oiriúnú don athrú sin, agus i dtreo an gheilleagair chiorclaigh.

Roinnfear le Plean SET athbhreithnithe dea-chleachtais maidir le saincheisteanna rialála, ag idirchaidreamh le hArdán Glan-nialasachta na hEorpa áit ar cheart ionadaíocht a dhéanamh dó. Sainithneofar leis riachtanais agus indéantacht na mbonneagar teicneolaíochta san Aontas, agus nasc aige leis an gcur chuige Eorpach i leith bonneagair teicneolaíochta faoi Chlár Oibre Beartais an Limistéir Eorpaigh Taighde.

Le Plean SET athbhreithnithe, forbrófar naisc láidre idir ETIPanna agus comhghuaillíochtaí tionsclaíochta (Comhghuaillíocht Ceallraí an Aontais, an Chomhghuaillíocht Eorpach don Hidrigin Ghlan agus an Chomhghuaillíocht don Tionscal Fótvoltach Gréine), chun forbairt tionscadal infheistíochta inmharthana agus acmhainneacht monaraíochta i dteicneolaíochtaí fuinnimh ghlain san Aontas a chur chun cinn, agus chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní margaidh, rialála, bonneagair agus teicneolaíochta ar a gcur in úsáid ar mhórscaála.

Le Plean SET athbhreithnithe, ba cheart **rochtain ar chistiú a fheabhsú, go háirithe chun nuálaíochtaí a mhéadú**. In 2021 chaith an tAontas EUR 328 mbiliún ar T&N, méid a raibh 2,26 % den OTI i gceist leis<sup>65</sup>. Bhí an cóimheas sin i bhfad faoi bhun chóimheas na Seapáine (3,26 %) agus chóimheas SAM (3,45 %). Is léir go gcaithfear iarrachtaí a threisiú fós chun sprioc um chaiteachas poiblí agus príobháideach an Aontais de 3 % den OTI a bhaint amach<sup>66</sup>. Cé gur mhéadaigh formhór na mBallstát a n-infheistíochtaí poiblí T&N i dtosaíochtaí an Aontais Fuinnimh, mar chion den OTI, in 2021 bhí na hinfeistíochtaí sin faoi bhun na leibhéal a bhí ann roimh 2016. Maidir le hinfeistíochtaí príobháideacha, bhí a líon níos ísle go comhréireach ná mórgheilleagair iomaíochas amhail an tSín, an tSeapáin agus an Chóiré Theas. Le 19 % d'infheistíochtaí domhanda Caipitil Fiontair i ngnólachtaí teicneolaíochta fuinnimh ghlain, bhí an tAontas sa tríú háit in 2022, ar gcúl na Stát Aontaithe agus na Síne<sup>67</sup>.

Cuirtear i dtábhacht leis sin an gá atá le réimse iomlán ionstraimí airgeadais poiblí an Aontais a úsáid (amhail deontais, iasachtaí agus cuasachothromas), lena n-áirítear an tArdán nua um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip<sup>68</sup> (STEP), chun caipiteal príobháideach a ghíaráil (e.g. ó chistí infheistíochta, ó bhainc agus ó chistí pinsean) do thosaíochtaí Phlean SET chun méid, cáilíocht agus tionchar na hinfeistíochta in T&N a uasmhéadú agus dlús leis an gcur in úsáid. Ba cheart an úsáid is fearr a bhaint as ionstraimí lena ndúntar an bhearna idir infheistíocht san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach, amhail an Táirge um Aistriú Glas agus an

<sup>65</sup> Foinse: Eurostat

<sup>66</sup> Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 23 Márta 2023, [pdf \(europa.eu\)](https://europa.eu)

<sup>67</sup> Foinse: Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn an Iomaíochais 2022

<sup>68</sup> [https://commission.europa.eu/system/files/2023-06/COM\\_2023\\_335\\_1\\_EN\\_ACT\\_part1\\_v11.pdf](https://commission.europa.eu/system/files/2023-06/COM_2023_335_1_EN_ACT_part1_v11.pdf)

Táirge Comhpháirteach Cothromais faoi InvestEU<sup>69</sup> agus an Catalaíoch Ceanródaíoch Fuinnimh<sup>70</sup>. Tá ETIPanna Phlean SET in áit mhaith chun bacainní féideartha a shainaitheint agus réitigh fhéideartha a mholadh chun infheistíochtaí príobháideacha agus poiblí den sórt sin a ghíaráil.

Tá raon feidhme agus gníomhaíochtaí Phlean SET ag teacht go mór le raon feidhme agus gníomhaíochtaí an Chiste don Nuálaíocht, arb é príomhionstraim chistiúcháin an Aontais é chun teicneolaíochtaí ísealcharbóin a chur in úsáid i réimsí na giniúna fuinnimh in-athnuaite, na stórála fuinnimh, GÚSC (gabháil, úsáid agus stóráil carbóin), na dtionscal atá dian ar fhuinneamh, na soghluaisteacha glan-nialasaí agus na bhfoirgneamh glan-nialasach. Ba cheart sineirgí agus comhlántachtaí a lorg idir gníomhaíochtaí Phlean SET agus an Chiste don Nuálaíocht. Sa chomhthéacs sin, seolfar gníomhaíochtaí comhordúcháin arna maoiniú ó Bhraislí 4 agus 5 den chlár Fís Eorpach i bpríomhréimsí an Chiste don Nuálaíocht go luath in 2024.

Beidh an Chomhpháirtíocht um an Aistriú chuig Fuinneamh Glan ríthábhachtach do raon feidhme méadaithe Phlean SET athbhreithnithe, mar go dtacóidh sí le naisc idir ionstraimí cistiúcháin agus go bhfeabhsóidh sí rochtain ar an margadh teicneolaíochta an fhuinnimh ghlain. Comhlánóidh an Chomhghuaillíocht Eorpach um Thaighde san Fhuinneamh obair na Comhpháirtíochta trí chlár chomhpháirteacha a eagrú idir institiúidí taighde agus an saol acadúil.

Ba cheart go bhféachfadh gníomhaithe a bhfuil baint acu le Plean SET athbhreithnithe le tacaíocht airgeadais mhéadaithe a fháil don Chomhpháirtíocht um an Aistriú chuig Fuinneamh Glan arna cómhaoiniú faoi Fís Eorpach, chun tacú leis na huaimhianta níos láidre, lena n-áirítear comhar méadaithe idir ETIPanna faoin bhFóram ETIPanna<sup>71</sup>. Ba cheart sineirgí agus comhlántachtaí a lorg idir gníomhaíochtaí Phlean SET agus an Chiste don Nuálaíocht.

Iarrann an Coimisiún ar na tíortha i bPlean SET iarrachtaí a mhéadú chun 3 % dá OTI a chaitheamh ar T&N agus chun méadú na nuálaíochtaí a chothú.

#### **4. RIALACHAS, FAIREACHÁN AGUS TUAIRISCIÚ**

Beidh gá le samhail rialachais Phlean SET a athnuachan chun spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, REPowerEU agus Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach. Chuige sin, molann an Coimisiún dlisteanacht Ghrúpa Stiúrtha Phlean SET a mhéadú trína uasghrádú go stádas sainghrúpa, b'fhéidir mar fhoghrúpa faoin Limistéar Eorpach Taighde agus a shainordú a leathnú chuig teoracha straitéiseacha a sholáthar chun Plean SET a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Tá sé beartaithe leis freisin tascfhórsaí tiomnaithe, faoi cheangal ama a chur ar bun chun saincheisteanna leathana a chomhtháthú in obair Phlean SET agus chun comhar trasearnála idir meithleacha cur chun feidhme Phlean SET a neartú. Cothóidh an Coimisiún rannpháirtíocht na dtíortha uile i bPlean SET sa sainghrúpa sin agus ba

<sup>69</sup> [InvestEU Fund \(europa.eu\)](https://investeu.europa.eu)

<sup>70</sup> <https://breakthroughenergy.org/our-work/catalyst/>

<sup>71</sup> Déanann Fóram ETIPanna idirphlé rialta, leanúnach agus struchtúrtha idir na 11 ETIP a fhorbairt agus a choinneáil ar bun.

cheart a ngníomhaíochtaí a chomhordú le hionadaithe Fís Eorpach ar Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus ar Thíortha Comhlachaithe.

Trí chóras faisnéise Phlean SET (SETIS), déanfaidh an Coimisiún faireachán agus tuairisciú córasach ar dhul chun cinn Phlean SET athbhreithnithe agus ar an méid atá bainte amach leis agus déanfaidh sé forbairt i dtírdhreach T&N na hEorpa a mhapáil trí phríomhtháscairí feidhmíochta. Leis an eolas sin, cuirfear leis an tuairisciú bliantúil ar an Aontas Fuinnimh agus scaipfear é ag comhdhálacha bliantúla Phlean SET. Tacóidh an fhaisnéis sin freisin leis na Ballstáit teicneolaíochtaí nuálacha in-athnuaite a úsáid faoin Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite<sup>72</sup>.

Tá Plean SET riachtanach chun an cúigiú gné den Aontas Fuinnimh (taighde, nuálaíocht agus iomaíochas) a sholáthar<sup>73</sup>. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit cuspóirí náisiúnta a eascraíonn as Plean SET, chomh maith le gníomhaíochtaí T&N, a chuimsiú ina bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide (PNFAnna), lena n-áirítear iniúchadh a dhéanamh ar shineirgí idir cistí agus gníomhaíochtaí náisiúnta ábhartha eile<sup>74</sup>. Le PNFAnna ba cheart measúnú a dhéanamh freisin ar leordhóthanacht an chistithe náisiúnta i gcomhair gníomhaíochtaí T&N. Cuirfidh measúnú an Choimisiúin ar an gcuid seo de PNFAnna, lena n-áirítear tuarascálacha ar dhul chun cinn agus a nuashonruithe, lena mheasúnú foriomlán ar an méid atá baint amach le Plean SET. Ina theannta sin, iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit an comhar ar an leibhéal náisiúnta idir pobal a bPlean SET agus na gníomhaithe sin atá i gceannas ar PNFAnna a threisiú.

Ar an leibhéal Eorpach, tabharfar ról níos mó do Phlean nua SET maidir le cur leis na tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn ar iomaíochas na dteicneolaíochtaí fuinnimh ghlain - uirlis eile de chuid an Aontais Fuinnimh. Dá bhrí sin, is bealach tábhachtach iad na tuarascálacha bliantúla sin ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le faisnéis faoi chur chun feidhme Phlean SET a roinnt.

Ba cheart go mbeadh Plean SET ina phríomhuirlis freisin chun taighde ar fhuinneamh glan a chur chun cinn sa Limistéar Eorpach Taighde, go háirithe maidir le saincheistanna leathana amhail scileanna, ciorclaíocht, rochtain ar an margadh, digitíú agus riachtanais shóisialta. Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar malartú bliantúil idir Plean SET agus Fóram LET chun measúnú a dhéanamh ar an méid atá bainte amach acu le chéile agus ar ailíniú gníomhaíochtaí. I gcomhthráth leis sin, treiseoidh an Coimisiún na malartuithe idir Grúpa Stiúrtha Phlean SET agus ionadaithe rialtais an Aontais Fuinnimh.

Ba cheart go mbeadh ról suntasach ag Plean SET maidir le bonn eolais a chur faoi fhorbairt agus faoi chur chun feidhme straitéisí agus reachtaíocht ábhartha an Aontais maidir le fuinneamh agus taighde, go háirithe an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta. Ba cheart tuairisciú rialta a dhéanamh faoin méid atá bainte amach le Plean SET do Choistí ábhartha meithleacha de chuid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Le leibhéal níos airde

---

<sup>72</sup>Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (*IO L 328, 21.12.2018, lch. 82*).

<sup>73</sup>Rialachán (AE) Uimh. 2018/1999. Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (*IO L 328, 21.12.2018, lch. 1*).

<sup>74</sup>[https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:52022XC1229\(02\)](https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:52022XC1229(02))

tacaíochta polaitiúla agus tiomantais do Phlean SET, áiritheofar comhsheasmhacht níos fearr idir gníomhaíochtaí náisiúnta éagsúla, agus déanfar níos mó infheistíochtaí le haghaidh taighde ar theicneolaíochtaí fuinnimh ghlain, agus le haghaidh fhorbairt agus úsáid na dteicneolaíochtaí sin a shlógadh agus a ghíaráil san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon.

## 5. CONCLÚIDÍ

Aithníonn an Coimisiún an méid a chuireann Plean SET le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais, chomh maith lena acmhainneacht chun cur le hiomaíochas tionsclaíoch níos láidre agus le slabhraí soláthair Eorpacha níos athléimní, trí chomhoibriú idir na tíortha, an tionscal agus na hinstiúidí taighde lena mbaineann a fheabhsú.

Ní mór cuspóirí, struchtúr rialachais agus meithleacha chur chun feidhme Phlean SET a athbhreithniú, áfach, má tá sé chun méid níos mó fós a chur le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, REPowerEU agus Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais, agus ar an dóigh sin dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glan agus iomaíochas an Aontais a mhéadú.

Chuige sin, oibreoidh an Coimisiún i ndlúthchomhar leis na tíortha i bPlean SET, le Grúpa Stiúrtha Phlean SET agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile, lena n-áirítear gníomhaithe agus tascfhórsaí nua de réir mar is gá, chun na gníomhaíochtaí agus na spriocanna nua a fhorbairt agus a sheachadadh.

Iarrann an Coimisiún ar na tíortha uile lena mbaineann a rannpháirtíocht a neartú agus a n-iarrachtaí tacú le taighde agus nuálaíocht i réitigh nuálacha fuinnimh ghlain, agus i bhforbairt agus i gcur in úsáid na réiteach sin a mhéadú, agus cur tuilleadh le maoiniú agus le cur chun feidhme thionscnaimh Phlean SET trí chur chuige um chlársceidealú comhpháirteach.

Iarrann an Coimisiún ar an gComhairle agus ar an bParlaimint aontú le neartú Phlean SET mar atá leagtha amach sa Teachtaireacht seo.